Scrúdú cainte: Bonnleibhéal 2 (A2) Cuid 2

Rólghníomhaíocht 1 **Turas Scoile**

Bhí do mhac ar thuras scoile go Páirc an Chrócaigh le déanaí. Freagair ceisteanna an scrúdaitheora faoin turas scoile. Nuair a bheidh an méid sin déanta, cuir tusa ceist ar an scrúdaitheoir faoi thuras scoile a rinne iníon an scrúdaitheora le déanaí.

Cárta an iarrthóra (2A)

Turas scoile: Páirc an Chrócaigh

Dáta: Céadaoin, 2 Aibreán
Am: 9.30 - 2.15
Costas: €7.50 gach páiste
Lón: Bialann (ceapairí / deoch)
Thaitin: Cluiche ar an pháirc…
Níor thaitin: An aimsir mar…

Comhrá samplach

S: Cén lá a bhí an turas ar siúl?
I: Ar an Chéadaoin, an dara lá d'Aibreán.
S: Cén t-am ar fhág siad an scoil?
I: D'fhág siad ag leathuair tar éis a naoi ar maidin agus d'fhill siad ag ceathrú tar éis a dó.
S: An raibh costas ar an turas?
I: Bhí. Chosain sé seacht euro caoga ar gach páiste.
S: An raibh ort bosca lóin a chur leis?
I: Ní raibh. D'ith siad lón i mbialann. Bhí ceapairí agus deoch acu.
S: Ar thaitin an lá le do mhac?
I: Thaitin sé go mór leis mar fuair siad seans cluiche beag a imirt ar an pháirc le scoil eile.
S: An raibh aon rud ann nár thaitin leis?
I: Bhí an aimsir go dona. Bhí sé ag cur báistí an lá ar fad beagnach.
S. Is mór an trua sin.

Anois, tá cárta eile ag an scrúdaitheoir, cárta faoi thuras scoile eile a rinne iníon an scrúdaitheora le déanaí. Cuir tusa ceisteanna ar an scrúdaitheoir faoin turas scoile sin.

Cárta an Scrúdaitheora (2A)

Turas scoile: Zú Bhaile Átha Cliath

Dáta: Aoine, 5 Bealtaine
Am: 10.00 - 2.45
Costas: €8.50 gach páiste
Lón: Picnic + uachtar reoite
Thaitin: Na tíogair & na goraillí mar…
Níor thaitin: An siopa mar…

Rólghníomhaíocht 2 **Cuntas ar chóisir**

Bhí do mhac Eoin ag cóisir le déanaí. Freagair ceisteanna an scrúdaitheora faoin chóisir sin. Nuair a bheidh an méid sin déanta, cuir tusa ceist ar an scrúdaitheoir faoi chóisir ar fhreastail an scrúdaitheoir uirthi le déanaí.

Cárta an iarrthóra (2A)

Cuntas ar chóisir

Ócáid: Breithlá / col ceathrar Síle (10)
Áit: Bialann (píotsaí) + pictiúrlann
Dáta /am: Satharn, 1 Feabhra, 2.00- 4.30
Bronntanas: Cluiche / milseáin
Thaitin: An scannán mar…
Níor thaitin: An bia mar…

Comhrá samplach

S: Cén fáth a raibh cóisir ar siúl?
I: Bhí breithlá ag Síle, col ceathrar Eoin. Bhí sí deich mbliana d'aois.
S: Cá raibh an chóisir ar siúl?
I: D'ith siad píotsaí i mbialann ar dtús agus ansin chuaigh siad chuig scannán sa phictiúrlann.
S: Cén uair a bhí an chóisir ar siúl?
I: Ar an Satharn, an chéad lá de mhí Feabhra idir a dó agus leathuair tar éis a ceathair.
S: Ar thug sé bronntanas do Shíle?
I: Thug. Cheannaigh sé cluiche ríomhaire agus milseáin di.
S: Ar thaitin an chóisir le hEoin?
I: Thaitin an scannán go mór leis. Is breá leis scannáin faoi ainmhithe.
S: An raibh aon rud nár thaitin leis?
I: Níor thaitin an píotsa leis ach fuair sé sceallóga agus sailéad agus bhí sé breá sásta ansin!
S: Go deas.

Anois, tá cárta eile ag an scrúdaitheoir, cárta faoi <u>chóisir eile</u> ar fhreastail an scrúdaitheoir uirthi le déanaí. Cuir tusa ceisteanna ar an scrúdaitheoir faoin chóisir sin.

Cárta an Scrúdaitheora (2B)

Cuntas ar chóisir

Ócáid: An rúnaí / ag éirí as obair
Áit: Teach tábhairne (bia + ceol)
Dáta /am: Aoine, 10 Lúnasa, 8.00 i.n.
Bronntanas: Deireadh seachtaine / óstán / Gaillimh
Thaitin: An ceol mar…
Níor thaitin: An bia mar…